

Meascra Mhá Nuad I

curtha in eagar ag

'An Ciorcal'

Meascra

Mhá Nuad I

'Dúil'

curtha in eagar ag

'An Ciorcal'

Meascra Mhá Nuad I

‘Dúil’

curtha in eagar ag

‘An Ciorcal’

**Eímeam Ní Chairbre, Miriam Nic Shíomóin, Grace Ní Chinnéide,
Mairéad Ní Neachtain, Katie Ní Fhaoláin, Róisín Starr**



© Na hÚdair 2018

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thairfeadh ná eile gan cead a fháil roimh ré ó na heagarthóirí.

An chéad chló © 2018

anciorcalmhanuad@gmail.com

Innéacs

4	Réamhrá	
5	Samhradh, Samhradh	<i>Miriam Nic Shíomóin</i>
6	Mise Freisin	<i>Rút Ní Theimbneáin</i>
7	Choíche	<i>Aisling Meaney</i>
8	2018 – Bliain na Gaeilge	<i>Mairéad Ní Neachtain</i>
10	Ní binn béal ina thost	<i>Grace Ní Chinnéide</i>
12	Buachaillí ag súgradh, bábóga ag briseadh	<i>Róisín Starr</i>
13	Duit	<i>Katie Ní Fhaoláin</i>
14	Léirmheas ar ‘Derry Girls’	<i>Róisín Starr</i>
16	Géarchéim na Gramadaí?	<i>Miriam Nic Shíomóin</i>
18	An Namhaid	<i>Mairéad Ní Neachtain</i>
19	An Comhartha Céanna	aistrithe ag <i>Róisín Starr</i>
21	Sliocht as <i>The Pearl</i> le John Steinbeck	aistrithe ag <i>Jennifer Gorissen</i>
23	Athair na hIníne Aonair	<i>Megan McAuley</i>
24	Ag iascaireacht	<i>Hannah Ní Chathasaigh</i>
25	Deora	<i>Eimear Ní Chairbre</i>
26	Méadaíonn an Aithne an Tarcaisne	<i>Kevin Johnston</i>
30	An t-oileán úr.	<i>Brian Ó Hanracháin</i>
32	Mí na Samhna i mBeirlín	<i>Megan McAuley</i>
33	An bhfuil tú níos eolaí ná uachtarán Stáit Aontaithe Mheiriceá ar chúrsaí timpeallachta?	<i>Katie Ní Fhaoláin</i>
35	Cuntas ar chuid de na heagarthóirí/scríbhneoirí	
38	Iarfhocal	<i>Liam Mac Amblaigh</i>

Réamhrá

Tar éis beagnach dhá bhliain thaitneamhacha d’obair leanúnach, is mór an ónóir é dúinne ‘Meascra Mhá Nuad I’ a chur i láthair daoibh. Tháinig an grúpa seo, ‘An Ciorcal’, ar an bhfód faoi stiúir an Dr Liam Mhic Amhlaigh tar éis dúinn staidéar a dhéanamh ar an Nua-Litríocht ag tús na dara bliana. Is iomaí Déardaoin a chaith muid in Halla A ag plé cúrsaí litríochta in atmaisféar neamhfhoirmeálta ó shin. Phléimis idir dhánta, phíosáí próis agus ailt nuachta agus d’fhás sprioc amháin as sin de réir a chéile – iris litríochta na mac léinn a chur i gcló a léireodh bua agus éagsúlacht mhuintir Mhá Nuad.

Cuireadh an iliomad eolais orainn faoin bproiséas foilseacháin, ón scríobh é féin go heagarthóireacht na bpíosáí. Chuidigh scríbhneoirí agus iriseoirí móra na Gaeilge linn an méid sin a dhéanamh agus murach an cuidiú sin, is dócha nach mbeadh an iris seo againn inniu. Shocraigh muid ar an téama ‘Dúil’ don chéad ‘Mheascra’ seo mar is iomaí brí arbh fhéidir linn a bhaint as – rud a fheicfeadh agus an cnuasach seo á léamh agaibh. Tá réimse leathan ábhar le tabhairt faoi deara sa bhailiúchán seo, rud a chuireann gliondar orainn féin. Síleann muid gur éirigh linn bua agus éagsúlacht na mac léinn Nua-Ghaeilge a chur os bhur gcomhair sa mheascra seo agus tá muid an-bhuíoch de mhic léinn Mhá Nuad a chuir a gcuid oibre iontaí chugainn fá choinne na hirise.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis na scríbhneoirí a chuidigh linn; Colm Breathnach, Eilis Ní Dhuibhne, Pól Ó Muirí agus Ré Ó Laighléis. Go raibh míle maith agat fosta d’Orla Bradshaw a shocraigh na hailt mhíosúla a scríobh muid don *Liffey Champion*. Beidh muid fíorbhíoch i gcónaí den Dr Liam Mac Amhlaigh as an treoir, an tacaíocht agus ar ndóigh, na sólaistí! Thug tú an misneach agus na modhanna dúinn an méid seo a chur i gcrích. Tá na *jam tarts* go léir tuillte agat, a Liam!

Bhain muid féin ardsult as cur le chéile an tionscadail seo agus tá súil againn go mbainfidh sibh féin taitneamh agus tairbhe as agus sibh i mbun léitheoireachta.

Eimear Ní Chairbre, Miriam Nic Shíomóin, Grace Ní Chinnéide,

Mairéad Ní Neachtain, Katie Ní Fbaoláin, Róisín Starr

An Ciorcal Mhá Nuad

2017-2018

Samhradh Samhradh

Miriam Nic Shíomóin

Díomá. Cén fáth?
Cad a rinne mé?
An botún a bhí ann?
Is dócha gurbh in é.

Mí an Mheithimh,
Uaigneach go leor,
Idir dhá chathair,
Caidé mar atá ag éirí leo?

An Iúil anois
's ag stróiceadh liom,
Patrún rialta
Coinnigh a'dhul.

Mo dhinnéar réidh
Ar theacht na bhaile,
Gan turnip, ar ndóigh,
Thuig sí láithreach.

An Nuacht,
Cupán tae,
Nationwide, fiú,
Ansin scairt ón mbaile,
Cúrsaí an ghnáthlae

D'fhanntá go dtagainn ar ais,
Déanach go leor,
Ag tnúth le scéalta an deireadh seachtaine,
Mise i mo star mór

Na míonna fada,
Ach fós róghasta;
Tuigim anois
's ní máthair mhór agam,
Ach cara.

Cad a dhéanfaimis anois
a bheith ar Bhóthar na Rinne Móire?
An bheirt againne
Mar a bhí
Sa samhradh.

Mise Freisin

Rút Ní Theimhneáin

Macalla a chaoin i spriongaí a tochta,
Annálú ag freagairt dá chéile.
Deora ag snámh i lochán a lochta,
Ní bheidh sí go deo mar an gcéanna.

Tá an milleán ar fad le cur uirthi;
Trína coir féin, trína mórchoir féin.
Le héadach a barr is le fad a sciorta,
‘Sé sin an nós i ngar is i gcéin.

Sciob sé an tsaontacht a bhíodh ina saol.
Mhil sé spleodar a súile.
Le dúil dhorcha dhiabhlaí;
Scaoil sé crá croí agus cumha.

Le gile na gréine éireoidh sí,
Go láidir is laochta gan eisean.
Le sprid is grá gach aon ní
Ariamh a dúirt “mise freisin.”

Choíche

Aisling Meaney

Corp 'is cnámh
Anam 'is áilleacht
Teacht i ngar
Thar an fharraige
Ach, taibhsítear domsa
Ní mhaireann an meánionad
Leithleas is ainm dom
Stuacánacht is ainm duit
Agus fós, táim séite
Ó fhuaim do draíocht
Choíche.

2018 – Bliain na Gaeilge

Mairéad Ní Neachtain

Dea-scéala a bhí ann nuair a d'fhógair an tAire Stáit don Ghaeilge, don Ghaeltacht agus do na hOileáin, Joe McHugh, go raibh Foras na Gaeilge le €450,000 sa bhreis a chur i dtreo Bhliain na Gaeilge atá á ceiliúradh i mbliana. Is anois a theastaíonn uainn ár dteanga a cheiliúradh agus a chur chun cinn chomh maith agus is féidir.

Tá líon na ndaoine i gceantair áirithe sa nGaeltacht ag laghdú agus mar thoradh air sin tá líon na ndaoine a thógtar le Gaeilge ag laghdú. Ní mórán de mo ghlúin féin a fhanfaidh sa mbaile ag labhairt Gaeilge, mar go mbeidh a bhformhór acu i Sasana, i Meiriceá nó san Astráil; is é sin le rá, san áit a mbeidh an obair. Ach táthar ag súil go gcuirfidh Bliain na Gaeilge go mór leis an méid daoine a bheidh in ann an Ghaeilge a úsáid, agus go rachaidh daoine i muinín agus i dtaithí í a úsáid ar bhonn rialta. Is é an sprioc atá le Bliain na Gaeilge ná ceiliúradh a dhéanamh ar an teanga agus ar an 125 bliain ónar cuireadh tús le hathbheochan na Gaeilge. Ina theannta sin, cuirfear dúshlán reatha na teanga i lár an aonaigh.

Beidh deis ag cách freastal ar na himeachtaí ildánacha, ealaíonta agus pobail, ní hamháin in Éirinn, ach ar fud an domhain. Eagrófar clár cuimsitheach do Bhliain na Gaeilge le

rannphairtíocht ón bpobal a spreagadh. Tá sé fíorthábhachtach go mbeadh an pobal lárnach sna himeachtaí seo uile, mar teastaíonn an tacaíocht don Ghaeilge chun dul i ngleic leis na dúshláin atá amach roimpi. Mura dtabharfaimid deacrachtaí na Gaeilge chun solais anois, seans nach mbeidh leigheas orthu amach anseo. Is údar imní é go bhfuil an seans ann go n-imeoidh an teanga faoi cheann roinnt blianta agus nach mbeidh deis ann í a thabhairt ar ais. Tá fíorthábhacht ag baint le Bliain na Gaeilge ó thaobh ceiliúradh a dhéanamh ar ár dteanga dúchais agus í a choinneáil beo.

Dea-scéala eile do chúrsaí teanga ná an rath atá ar ghluaiseacht an Pop-up Gaeltacht atá ag scaipeadh ar fud na tíre agus thar lear, é ag dul ó neart go neart agus Gaeilgeoirí ag triail ar oícheanta sóisialta i dtithe tábhairne éagsúla, bíodh siad ina nglantosaítheoirí, ina gcainteoirí líofa, nó rud eicínt idir eatarthu. Seo an bhliain le teacht isteach ar an nGaeltacht arís má tá do chuid Gaeilge meirgeach agus í a fhí isteach i do shaol, bíodh tú ag freastal ar imeachtaí Bhliain na Gaeilge nó ócáidí de chuid an Pop-up Gaeltacht. Gan amhras, b'fhiú go mór freisin aghaidh a thabhairt siar ar thobar na Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta i nDún na nGall, i Maigh Eo, i nGaillimh, i

Rath Chairn, i gCiarraí, i gCorcaigh agus i bPort Láirge.

Céard atá i ndán don Ghaeilge mura dtiocfaimid le chéile anois chun í a neartú i measc na bpobal uile ar fud na tíre? Tá an Ghaeilge lárnach i saol na hÉireann, sna meáin agus sa gCumann Lúthchleas Gael. Más cainteoir dúcháis Gaeilge tú nó mura

bhfuil agat ach cúpla focal a d'fhoghlaim tú ar scoil, is fiú go mór an méid Gaeilge atá agat a labhairt. Go minic, ní fhaigheann daoine deis a gcuid Gaeilge a chleachtadh, ach beidh neart deiseanna ag na himeachtaí sóisialta seo i rith na bliana reatha. Tapaigh an deis sin, agus bain taitneamh agus tairbhe as an mbliain iontach seo.

Ní binn béal ina thost

Grace Ní Chinnéide

Tá íomhánna cumhachtacha, spreagúla de mhná léirithe don saol mór le déanaí. Is léir go bhfuil fuinneamh agus tacaíocht ag gluaiseacht na mban in Hollywood anois agus tá sí i mbéal an bhig is an mhóir. Tá aithne ag cách ar an bhfeachtas Times Up agus ar an mana ‘#MeToo’. Is iad na mná féin atá ina gceann feadhna ar an bhfeachtas seo, go háirithe na mná cáiliúla. Tá siad ag labhairt os ard faoina dtaithí féin agus tá siad ag iarraidh a scéalta pearsanta a nochtadh. Téama conspóideach atá i gceist, go cinnte. Tá mná ag streachailt in aghaidh an ghnéasachais le blianta anuas; go háirithe sa saol oibre. Tá cuid de dhraíocht Hollywood imithe dá dheasca. Tá scannal i ndiaidh scannail tagtha chun solais faoi réaltaí móra ar aon dul le Harvey Weinstein agus James Franco. Is géarchéim í, ach go bhfuil na mná ag troid ar deireadh ar son na cúise, áfach.

Bhronn foclóir Merriam-Webster gradam fhocal na bliana ar an bhfocal ‘feimineachas.’ Tugtar dhá shainmhíniú ar an bhfocal seo: an prionsabal féin agus an ghluaiseacht. Tá an-bhéim á cur ar an bhfeimineachas in Hollywood le déanaí. Tá na mná ag iarraidh iad féin a chur chun cinn. Bhí siad faoi smacht nósanna na bhfear thar na blianta ach anois tá siad ag lorg comhionannais. Bhí daoirse le brath in Hollywood ach anois tá radharc níos dóchasaí le feiceáil.

Tá na daoine cáiliúla ag déanamh a ndícheall chun an feachtas ‘Times Up’ a spreagadh. Tá go leor oibre déanta ag na haisteoirí maidir leis an bhfeachtas. Ní fhanann siad ina dtost. Ag an searmanas Golden Globes bhí gach duine gléasta go galánta mar is gnáth ach, iad go léir ag caitheamh éadaí dubha. Radharc dochreidte a bhí ann. Sheasadar go léir gualainn ar ghualainn le chéile agus iad ag caitheamh dubh. Bhí codarsnacht shoiléir le feiceáil idir an cairpéad dearg agus na gúnaí dubha. Bhí na réaltaí cosúil le Saoirse Ronan, Angelina Jolie agus Margot Robbie ag caint faoi bhrí an fheachtais agus gheall siad go dtabharfaidís tacaíocht don fheachtas.

Níl na haisteoirí ina n-aonar. Tá tionscal an cheoil i mbun feachtais ar son na mban freisin. Tháinig níos mó scéalta faoi chiapadh gnéis chun solais agus ag an searmanas Grammys, bhí deis ag na hamhránaithe agus na ceoltóirí a dtuairimí a léiriú. Bhí téama an duibh ag baint leis na Golden Globes agus ag na Grammys, bhí rós bán ag gach duine. Arís ba íomhá láidir í.

Bhí draíocht ag baint leis an deireadh seachtaine seo caite. Na gradaim Oscar a bhí ar siúl. Is siombail í Oscar don rómánsaíocht agus mhiotaseolaíocht a bhaineann leis an mbrionglóid Mheiriceánach. Deilbhín firinsneach atá ann. Tá cumhacht na bhfear sofheicthe. Ní raibh na haisteoirí ag fanacht ciúin agus nocht siad a gcuid inní le linn an tsearmanais. Dúirt Allison Janney nuair a bronnadh a gradam uirthi agus í os comhair an tslua, ‘Rinne mé é i m’aonar!’ Bhí sí ag magadh, cinnte, mar is léir go raibh tacaíocht aici óna comhréaltaí agus a comhairleoirí. Níl duine

amháin ábalta an domhan a athrú ina haonar. Tá tacaíocht ag teastáil ón phobal. Tá orainn go léir ár nósanna a athrú chun saol nua, cothrom a chruthú.

Ceaptar go forleathan go bhfuil athrú dearfach tagtha ar rúdaí agus go bhfuil an feachtas Times Up freagrach as cuid de sin. Tá míbhuntáistí ag baint leis na meáin shóisialta ach cuireann siad ardán ar fáil do fheachtasóirí. Tá ról tábhachtach ag na daoine cáiliúla, freisin. Tá siad ag caint le glór idirnáisiúnta, glór láidir. Feicimid go bhfuil réimse leathan d'íospairtaigh le fáil agus a scéalta pearsanta acu mar shampla na gleacaithe Meiriceánacha agus a gcuid gcás i gcoinne an dochtúra Larry Nassar. Níl gach rud réitithe ach is léir go bhfuilimid ag dul sa treo ceart. Tá '#MeToo' ráite ag daoine ar fud an domhain ionas go mbeidh daoine sa todhchaí níos compordaí agus níos oscailte. Tá forlámhas na mban le feiceáil agus is léir go bhfuil casadh na taoide le brath.

Buachaillí ag súgradh, bábóga ag briseadh

Róisín Starr

Rug sé uirthi agus bhí sé tógtha lena háilleacht,
An chéad bhábóg a bhí aige riamh,
A rúnda go léir inste aige di,
É féin á nochtadh agus á neartú.

A lorg fágtha uirthi go deo,
Ach tháinig an leadrán agus dúil i mbábóg nua.
Cén fáth nár chuala sé nach cóir
do bhuachaillí súgradh le bábóga?

Gúna níos deise nó níos áille ná í féin?
Caite ar leataobh, é gafa le cluiche nua,
Níor amharc sé ar a chúl is níor thug sé faoi deara,
An bhábóg poircealláin ina smidiríní géara.

Duit

Katie Ní Fhaoláin

Cúrsa do shaoil, doiligh 's corrach
bothar míchothrom, dúshlánach.

Ach bhí fonn ort i gcónaí,
leanúint ar aghaidh
dúinn

D'éirigh leat: sháraigh tú na baic,
ach anois, tá do chroí tuirseach.

Caibidil ag teacht chun deiridh -
gnáthamh nua
duit

D'athraigh do dhualgais, do chumhacht
agus mar sin, tá tú míshuaimhneach.

Ach caithfidh tú muid a chosaint!
Rud atá tábhachtach
duit

Ní gcaithfidh tú a bheith buartha -
le do shúile gealgháireacha,
do chrógacht, do thacaíocht, do stuaim,
déanann tú gach rud
dúinn.

Léirmheas ar ‘Derry Girls’

Róisín Starr

Tá gach duine ag caint faoi chlár nua de chuid Channel 4 Derry Girls faoi láthair. Thosaigh an tsraith i mí Eanáir agus bhí sé chlár inti san iomlán. Dráma grinn suímh atá suite i nDoire sa 1990í atá i gceist agus tá an-tóir ar an gclár in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Chuala mé faoin gclár ar na meáin shóisialta agus cé go raibh gach duine á mholadh, caithfidh mé a admháil nach raibh mé ag súil le mórán. Bhí mé amhrasach faoin tslí a dhéanfaí cur síos ar Thuaisceart na hÉireann le linn tréimhse chomh hachrannach leis na Trioblóidí, go háirithe os comhair an Ríocht Aontaithe go léir.

Tar éis dom breathnú ar an gcéad chlár, áfach, caithfidh mé a rá gur thuig mé an tarraingt a bhí ag baint leis. Lisa McGee a scríobh an tsraith. Is as Doire í féin í agus chruthaigh sí scata carachtar eicléictiúil a insíonn scéal muintir na cathrach i mbealach an-inchreidte agus mealltach. D'éirigh go geal leis an tsraith, coimisiúnaíodh an dara sraith tar éis an chéad chlár, agus is é an dráma grinn suímh is rathúla a bhí ag Channel 4 le cúig bliana anuas. Sé chlár a bhí sa chéad sraith, a chríochnaigh ar an 8 Feabhra, agus sé chlár eile a bheidh ag teacht sa dara sraith. De réir an chaint ar na meáin shóisialta, beidh an-chuid daoine ag fanacht ar go mí-fhoighneach.

Is í Érin, cailín sé bliana déag d’aois, príomhcharachtar an chlár, ach chun an fhírinne a rá, tá ról tábhachtach ag na carachtair go léir i ndraíocht na sraithe a chruthú. Tá siad go léir an-éagsúil lena chéile, in aois agus i bpearsantacht, agus is seift chliste í seo léargas cuimsitheach a thabhairt don lucht féachana ar an ngnáthshaol i dTuaisceart na hÉireann. Is iontach an rud é aisteoirí Éireannacha a fheiceáil ag fáil deis mar seo, aisteoirí cáiliúla ar nós Ian McElhinny as Game of Thrones, agus aisteoirí óga cosúil le Saoirse-Monica Jackson (a bhí ag obair mar chúntoir díolacháin sula bhfuair sí ról Érin) ina measc. Is carachtair ar leith iad go léir, agus oibríonn an dialóg dheisbhéalach go hiontach mar gheall air seo.

Is dócha go mbaineann an mheallacht atá ag an gclár leis an tslí ina bhfuil sé an-éasca dáimh a bheith agat leis. Do dhaoine a d’fhás aníos sna 1990í, spreagann an clár cumha i ndiadh a n-óigí iontu. Ar ndóigh bíonn bá ag daoine óga an lae inniu leis na carachtair, os rud é go ndéantar plé ar na deacrachtaí agus na téamaí is tábhachtaí a bhaineann le saol an déagóra. Téamaí uilíocha á bplé le greann agus dea-chaint atá i gceist agus tá sé sin an-tarraingteach do dhaoine óga go háirithe. Rinne Lisa McGee an-obair leis an script agus bíonn gach clár lán de jócanna aon líne iontacha. Is mór an chomparáid atá déanta idir Derry Girls agus Father Ted nó The Inbetweeners, agus is dócha go dtiteann an tsraith áirithe seo áit éigin eatarthu.

Gnáthdhaoine atá sa chlár agus tá sé thar a bheith suimiúil an bealach ina dtugtar léargas dúinn ar an gcaoi a ndeachaigh na Trioblóidí i bhfeidhm orthu. Cruthaíonn an clár íomhá an-difriúil den tréimhse sin ná na léargais dhorcha a bhfuil taithí againn orthu. Den chuid is mó, ní bhíonn in eachtraí na d'Trioblóidí ach míchaoithiúlacht do na carachtair atá ag iarraidh tabhairt faoina saolta laethúla. Tá neart tagairtí ann don achrann, ach clár grinn atá i gceist, mar sin ní raibh siad ródháiríre. Bhí an dainséar ann i gcónaí, áfach, go ndéanfaí beag is fiú den tragóid. Níor tharla sé sin, agus sa chlár deireanach bhí tagairt an-éifeachtach den fhulaingt a bhain leis an tréimhse sin. Bhí sé an-tochtmhar an tslí a cuireadh foréigean agus briseadh croí, agus soineantacht agus baois na hóige le hais a chéile.

Clár iontach greannmhar atá i gceist le Derry Girls a mheallfaidh daoine le stíl grinn a fhaightear in Éirinn amháin. Tá an aisteoireacht beagáinín áibhéalach in áiteanna, ach i ndáiríre is cuma. Clár grinn atá i gceist agus éiríonn leis na haisteoirí carachtair bhríomhara, thaitneamhacha a chruthú, agus sin an rud is tábhachtaí don seánra seo. Is léir ó fhreagra an phobail go bhfuil rud éigin speisialta cruthaithe ag McGee agus na haisteoirí uilig, agus beidh mé féin ag tnúth go mór leis an gcéad sraith eile.

Géarchéim na Gramadaí?

Miriam Nic Shíomóin

Sheol Seán Kyne, iar-Aire Stáit do Ghnóthaí Gaeltachta agus Acmhainní Nádúrtha, comórtas le 62 aistriitheoir Gaeilge a aimsiú in 2016. Cé gur chuir 210 duine isteach ar na poist, níor éirigh ach le deichniúr caighdeán an Aontais Eorpaigh a bhaint amach. Bhí ar an ngrúpa iomlán sin trialacha inniúlachta a dhéanamh: measúnuithe réasúnaíochta briathartha, uimhriúla agus teibí chomh maith le trialacha tuisceana.

D'éirigh le 43 iarratasóir sna trialacha tosaigh seo ach níor éirigh ach le deichniúr sa chéad mhír eile a bhain le teanga na Gaeilge í féin. Deichniúr. 210 duine a chuir isteach ar na poist ar an gcéad dul síos agus ní raibh caighdeán ceart na Gaeilge nó scileanna maithe aistriúcháin ag ach deichniúr de na daoine sin? An ceart dom a rá go bhfuil géarchéim ghramadaí againne sa tír seo faoi láthair? Cheapfaí go mbeadh caillíocht éigin a bhaineann leis an nGaeilge ag na hiarratasóirí dá mbeidís ag lorg post mar aistriitheoirí Gaeilge agus ar ndóigh, is dócha gurbh é sin an rud ba scanrúla faoi seo.

Agus muidne go léir ag foghlaim na teanga ón gcéad lá ar scoil, nó níos luaithe fiú i gcásanna, cén fáth go bhfuil caighdeán ár nGaeilge chomh lag sin? Níor múineadh inscne na n-ainmfhocail do mo rangsa ar scoil

go dtí go raibh muid sa bhliain dheireanach den Ardteistiméireacht; agus fiú ansin, achoimre a bhí i gceist i ndáiríre ionas go mbeimis inn ann na hiscní a aithint sa chás go mbeadh orainn é sin a dhéanamh mar chuid de cheist a sé sa scrúdú Ardteiste (ar an léamhthuisct; ceist a iarrann ort pointe gramadaí a phiocadh amach ón téacs). Ní thig leat abairt cheart chruinn a scríobh sa Ghaeilge gan na hinscní a bheith ar eolas agat. Murar dhalta a bhí ionat le suim nó spéis sa teanga, is dócha nach rachfá i mbun fiosriúcháin as do stuaim féin chun eolas a chur ort féin faoi na múnlaí gramadaí áirithe nár múineadh duit sa seomra ranga sin. Agus, dá mbeifeá i mbun pinn gan múnlaí gramadaí bunúsacha ar eolas agat, bheadh baol ann go ndéanfaidh tú botúin, nach n-éireoidh go maith leat i gcás scrúduithe agus is dócha gurb as seo a thagann an ghráin sin a bhíonn ag daoine ar an teanga.

Má tá muid chun caighdeán na Gaeilge a ardú i measc mhuintir na hÉireann, caithfimid bunchlocha cearta na gramadaí a chur i bhfeidhm go héifeachtach (agus go cruinn) go luath san aistear foghlamtha teanga. Cinnte, tá sé seo á dhéanamh in áiteanna áirithe faoi láthair ach is léir nach bhfuil sé á dhéanamh go héifeachtach más rud é nach raibh ach deichniúr in ann caighdeán an

Aontas Eorpaigh a bhaint amach le bheith ina n-aistritheoirí. Am cinniúnach atá ann faoi láthair ó thaobh todhchaí na Gaeilge de agus pleananna teanga á scríobh agus á gcur i bhfeidhm sna 26 limistéar pleanála teanga. Ní thig linn teanga a choinneáil beo áfach más rud é nach bhfuil sí i gceart nó mura bhfuil daoine sásta úsáid a bhaint aisti mar go

dtuigeann siad nach bhfuil sí in úsáid i gceart acu. Is dócha gurb é an t-aon réiteach amháin a bhaineann leis sin ná níos mó béime a chur ar an ngramadach ionas go mbeidh daoine in ann, agus ar a gcompord, an teanga a úsáid – i gceart.

An Namhaid

Mairéad Ní Neachtain

Frustrachas

‘gus mé im shuí sa dorchadas

Ag smaoineamh

‘gus gan a bheith ag cuimhniú.

Brú agus olc

Táim i bponc

Ag silleadh na ndeoir.

An mairfidh sé go deo?

Céard sa diabhal,

a chur an namhaid i mo cheann?

Gan mhothú, gan fuinneamh

gan mórán fonn a bheith ann.

Cén chaoi a bhféadfá a rá

go mbeadh gach rud go breá

Sáinithe, cráite.

I ndáiríre, táim báite.

An Comhartha Céanna

‘The Same Gesture’ le John Montague aistrithe ag Róisín Starr

Tá seomra rúnda
de sholas órga
áit a bhfuil an uile ní indéanta
– grá, foréigean, fuath,
agus, arís, grá.

tríd trácht déanach
ag athrú gearanna leis
an gcomhartha céanna
a scaoil do chroí
is do chneas cuibhrithe.

A leithéid de dhlúithe láimhe
agus intinne bainte amach
faoina sholas leighis
gur gnás é
an luaineach láimhe

mar cheol na cúirte.
Is beag aithinne atá againn
orainn féin ann ach
is éard a bhíomar i gcónaí –
is fornoichte atáimid –

Caithfimid cuimhneamh air
nuair a fhágaimid,
ag atosú ár nósanna
lenár n-éadaí:
obair, fón, tiomáint

Sliocht as *The Pearl* le John Steinbeck

aistrithe go Gaeilge ag Jennifer Gorissen

Bhí Kino tar éis teacht ar Phéarla an Domhain. Na fir a cheannaíodh na péarlaí ó na hiascairí, bhíodh siad ina suí sa bhaile, in oifigí beaga. D’fhanadh siad ina gcathaoireacha ag fanacht go dtí go dtagadh na péarlaí isteach, agus ansin dhéanadh siad grágaíl gháire agus throideadh siad agus bhíceadh siad agus bhagraíodh siad go dtí go dtagadh siad ar an bpraghas is ísle a d’fhéadfadh an t-iascaire cur suas leis. Ach bhí praghas ann nach raibh sé de mhisneach acu dul faoi, mar tharla sé tráth gur thug iascaire amháin a bpéarlaí don eaglais agus éadóchas air. Agus nuair a bhíodh an mhargaíocht thart, bhíodh na ceannaitheoirí seo ina suí ina n-aonar agus a méara ag imirt go corrach leis na péarlaí, agus bhíodh siad ag dúil le gur leosan iad na péarlaí. Mar ní raibh go leor ceannaitheoirí ann i ndáiríre- ní raibh ach ceann amháin, agus chuir sé na gníomhairí seo in oifigí leo féin chun cruth iomaíochta a léiriú. Tháinig an scéal chomh fada leis na fir seo, agus dhírigh a súile agus bhí a méara ar lasadh le drithlíní, agus tháinig an smaoinreamh chuig gach duine acu nach bhféadfadh leis an *patron* maireachtáil go deo agus bheadh air duine éigin a áit a thógáil. Agus smaoinigh gach aon duine acu ar an gcaoi go bhféadfadh tús nua a bheith aige, agus beagáinín caipiteal aige.

Chuir gach cineál duine suim i Kino ansin- daoine a raibh rudaí acu le díol agus daoine a raibh gar acu le hiarraidh. Bhí Kino tar éis teacht ar Phéarla an Domhain. Tháinig eisint an phéarla agus eisint fear le chéile agus scaipeadh iarmhar aisteach dubh. Thar oíche bhí baint ag gach fear le péarla Kino bhí péarla Kino mar chuid de na brionglóidí, den tuairimíocht, de na scéimeanna, de na pleananna, den todhchaí, de na foinn, de na riachtanais, den tsaint, de na mianta, a bhí ag gach duine. Agus ní raibh ach duine amháin sa bhealach air seo ar fad agus ba é sin Kino. Mar gheall air seo, tharla sé go haisteach go raibh sé mar namhaid ag gach fear. Mhúscail an scéal rud éigin sa bhaile a bhí an-dubh agus fíor-olc; bhí an t-úsc dubh ar nós na scairpe, nó ar nós an ocrais agus boladh bhia ann, nó ar nós an uaignis nuair a cheiltar an grá. Thosaigh saic nimhneacha an bhaile ag déanamh nimhe, agus líon an baile agus tháinig bolg air mar gheall ar an mbrú seo.

Ach ní raibh a fhios ag Kino ná ag Juana faoi na rudaí seo. Mar go raibh siad sona agus ar bís shíl siad go raibh an gliondar céanna ar gach duine. Bhí sé seo fíor i gcás Juan Tomás agus Apolonia, agus ba chuid den phobal iadsan chomh maith. Sa tráthnóna, nuair a bhí an ghrian imithe thar sléibhte na Leithinise agus í ag dul ina luí san fharraige amuigh, shuigh Kino ar a ghogaide ina theach agus Juana in aice leis. Agus bhí an teach tuí lán le comharsana. Bhí an péarla mór ina lámh ag Kino, agus bhí sé te agus beo ina lámh. Agus bhí dlúthcheangal idir ceol an phéarla agus ceol an teaghlaigh anois, sa chaoi is gur chuir ceann amháin le háilleacht an ceann eile. Bhreathnaigh na

comharsana ar an bpéarla i lámh Kino agus rinne siad iontas ar an gcaoi go bhféadfadh ádh mar seo a bheith ar fhear ar bith.

Agus Juan Tomás, a bhí ina shuí díreach in aice le Kino ar thaobh a láimhe deise mar gurbh é an deartháir aige, chuir sé ceist air, ‘Céard a dhéanfaidh tú anois agus tú i d’fhear saibhir?’

Bhreathnaigh Kino ar an bpéarla, agus bhreathnaigh Juana síos agus chuir sí a seál thar a haghaidh le nach mbeifí in ann a sceitimíní a fheiceáil. I ngealbhruthaíl an phéarla tháinig pictiúir le chéile de na rudaí a ndearna intinn Kino machnamh orthu san am a chuaigh thart ach ar chuir sé as a cheann iad mar go raibh siad dodhéanta. Agus é ag breathnú ar an bpéarla chonaic sé Juana agus Coyotito agus é féin ina seasamh agus ar a ngogaide ag an ard-altóir, agus iad ag pósadh mar gur féidir leo íoc as anois. Labhair sé go séimh, ‘Pósfar muid - san eaglais’.

Sa phéarla, chonaic sé an chaoi go raibh siad gléasta - Juana agus seál a bhí righin le húire agus sciorta nua uirthi, agus faoin sciorta fada bhí Kino in ann a fheiceáil go raibh bróga á gcaitheamh aici. Bhí sé sa phéarla - an pictiúr ag lonradh ansin. Bhí sé féin ag caitheamh éadaí nua bána, agus bhí hata nua á iompar aige - ní hata as tuí ach as feilt dhubh bhreá - agus bhí bróga á gcaitheamh aige freisin - ní cuaráin ach bróga a raibh lásaí orthu. Ach Coyotito - ba eisean an duine a sheas amach- chaith sé culaith mhairnéalaigh ghoirm ó na Stát Aontaithe agus caipín luamhaireachta mar a chonaic Kino uair amháin nuair a tháinig bád aeraíochta isteach san inbhear. Na rudaí seo ar fad, chonaic Kino iad sa phéarla geal agus dúirt sé, ‘Beidh éadaí nua againn.’ Agus d’ardaigh ceol an phéarla ina chluasa ar nós cór trumpaí.

Ansin tháinig na rudaí a bhí ó Kino ar bharr álainn liath an phéarla: harpún chun áit an ceann a cailleadh bliain ó shin a ghlacadh, harpún nua déanta as iarann agus fainne ag bun na coise; agus - bhí sé deacair dá intinn dul chomh fada leis seo - raidhfíl - ach cén fáth nach bhféadfadh sé a bheith aige, ós rud é go raibh sé chomh saibhir. Agus chonaic Kino Kino sa phéarla, Kino agus *Winchester carbine* ina lámh aige. Aislingeacht amach is amach a bhí ar siúl aige agus bhí sé antaitneamhach. Bhog a bheola go faiteach ar an bhfocal seo - ‘Raidhfíl,’ a dúirt sé. ‘B’fhéidir go bhfaighinn raidhfíl.’

Ba é an raidhfíl a leag na baic. Bhí sé seo dodhéanta, agus dá bhféadfadh sé smaoineamh ar raidhfíl a bheith aige bhí léaslínte iomlán leagtha síos aige agus bheadh sé in ann brostú ar aghaidh. Mar deirtear nach mbíonn daoine sásta choíche, go dtugtar rud amháin dóibh agus teastaíonn rud sa bhreis uathu. Agus deirtear é seo chun iad a cháineadh, cé gur é seo ceann amháin de na buanna is mó atá ag an speiceas agus ceann atá mar chúis aige a bheith céim os cionn ainmhithe, a mbíonn sásta leis a bhfuil acu.

Athair na hIníne Aonair

Megan McAuley

Lá amháin,
Thug mé faoi deara go raibh ocras ar na héin
Agus rinne sé teachín éin dom.
(Lan de síolta agus de chaoire)

Lá amháin,
Bháistigh sé go trom ar m'uan amuigh san fheirm
Agus thóg sé isteach sa teach é.
(I ngan fhios de mhamaí)

Lá amháin,
D'iarr mé air stair na hÉireann a thaispéaint dom
Agus thiomáin sé chuig an ráth síos an bóthar mé.
(Grianán Ailigh is ainm dó)

Lá amháin,
Shocraigh mé gur bhean phluaise a bhí ionam
Agus d'ith sé cnónna coille liom sna coillte.
(Barra seacláide Cadbury's ar an bhealach abhaile)

Lá amháin,
Shéan mé teas an tí
Agus chruthaigh sé teachín sa chrann darach ag bun an ghairdín dom.
(Idir throscaín agus dheasagáin fosta)

Gan focal a rá,
Chuir sé meangadh mór ar m'aghaidh,
Athair na hiníne aonair.

Ag iascaireacht

Hannah Ní Chathasaigh

Sa dorchadas
d'fhan sé,
ag féachaint go géar
ar an tsráid a bhí plódaithe.

Chonaic sé í
ag seasamh ina haonar
Os comhair an tsiopa
Cailte ina cuid smaointe.

Ag sleamhnú
Is ag téaltú
Go bog is go mall,
'Cúramach, cúramach...'

Ag cur allais
Is an lámh ag crith
Isteach is amach
An duais faighte aige.

Ar ais sna scáileanna leis arís,
Ar ais sa dorchadas
Ag fanacht arís
Réidh don ionsaí.

Deora

Eímea Ní Chairbre

Tá súile chomh gorm le sról agat,
Téann an domhan ar fad ar mhallchéim le gach caochadh.
Ach tá a fhios agam,
Nuair a thagann dorchadas i do shúile,
Tagann dorchadas i do chroí chomh maith.
Feicim go bhfuil an cur i gcéill seo deacair duit,
Casann tú d'aghaidh agus titfidh na deora go géar goirt

Déanfaidh tú iarracht na deora a stopadh ach
Ná bac leis an íomhá láidir a choinneáil.
Dá mbeadh gach duine in ann an saol a láimhseáil,
Ní bheadh cairdeas nó grá le feiceáil in áit ar bith.
Ná bíodh imní nó eagla ort, tá faoiseamh sna deora
A thiteann ar do leicne, lig dóibh an phian a ghlanadh uait.
Táim ar aon taobh leat, a stór, pé rud a thagann aníos.

Méadaíonn an Aithne an Tarcaisne

Kevin Johnston

D'oscail Jane an doras agus lean Linda uirthi go dtí an gairdín, chas sí timpeall, rian gliondair ina súile aici. “Beidh an-chraic agam le Sneachta agus sibh ar bhur sexy weekend amuigh.” Rinne Jane gáire ollmhór. “Sexy weekend? An ag magadh atá tú? Bíonn an bheirt againn róghafa leis an obair. Sure, ní chuimhin liom cad is gnéas níos mó – ‘s ní chreidim go bhfuil difríocht ar bith tugtha faoi deara ag Stephen...” Bhreathnaigh Linda ar Jane, a mala ardaithe go beagáinín, an gliondar fós ag damhsa ina súile. Chas Jane a súile féin. “Beidh mé déanach mura mbrostaím – feicfidh mé ar an Domhnach thú.”

D'fhág na mná slán ag a chéile agus dhún Jane an doras. D'fhan sí ag an doras ar feadh tamaillín agus lig sí osna aisti. Bean ghairmiúil a bhí inti, ach bhí éadaí compordacha á gcaitheamh aici seachas a gnáthchulaith oibre. D'fhéach sí ar a cás taistil. Ní líonfadh sé é féin. Shúil sí thar an tolg agus shuigh sí ar an úrlar, ag lúbadh cultacha agus á gcur sa chás.

Níor thug sí faoi deara gur tháinig Stephen, a buachaill anuas chuig an gcistin – cé go ndéarna sé an tasc beag seo go han-ghlórmar. Lean sí uirthi ag líonadh an cháis, agus phlab Stephen a mhála féin ar bhord na cistine. Tharraing sé an cuisneoir ar oscailt, agus rug sé greim ar an gcartán bainne.

“A dhiabhal”, ar seisean go bog agus chaith sé an cartán ar ais.

“Céard atá cearr leat anois?” a ghlaigh Jane amach gan a cloigeann a chasadh ina threo.

“Tá an bainne ar fad caite againn.”

“Níl sé – bhí gloinne de agam díreach ansin.”

“Ó go raibh míle maith agat as an mistéir sin a réiteach!”

Chas Jane a cloigeann agus bhreathnaigh sí ar Stephen. “Níor cheapas gur bhain mé úsáid as an mbraon dheiridh...”

“Bhuel is léir gur bhain.” Lig sé osna dhrámatúil as agus Jane ag filleadh ar a cás. “Is dóigh liom go mbeidh orm maireachtáil gan bhricfeasta.”

D’fhéach sé timpeall an tseomra. “Cá bhfuil Sneachta?”

“D’fhág me le Linda é.”

D’ardaigh Stephen a ghuth. “Cén fáth go ndéarna tú sin? Dúirt mé leat aréir gur mhian liom slán a rá leis sula n-imeoidh sé.”

“Ní dúirt t-“ Stop Jane ag caint, agus chas sí ar Stephen. “Shite, dúirt. Táim fíorbhrónach a Stephen. Tuigeann tú, táim faoin oiread sin brú ón oifig agus-“

“Is cuma.” Ar Stephen go díomách.

Bhreachnaigh Jane síos, í chomh ciúin leis an uaigh. Shiúil Stephen chuig a mhála agus thosaigh sé ag cur a ríomhaire i gcás. Ní raibh sa seomra ar feadh nóiméid ach fuaim na gcat taobh amuigh i mbun troda lena chéile. Faoi dheireadh, chuir Jane tús nua le líonadh a cáis. Tharraing fuaim dhúnadh chás Stephen a haird ina threo.

“An bhfuil sé ar intinn agat dul áit éigin?”

“Tá. Tá an turas léirithe go dtí an trá ar siúl an deireadh seachtaine seo.” D’fhéach Jane air, cuma cheisteach uirthi. “An bhfuil a fhios a’ d? chun an seit a dheimhniú? I dtaobh an scannáin?”

“Cén uair a raibh tú chun mé a chur ar an eolas faoi seo?”

“Chuireas cheana. Chomh luath is go raibh a fhios agam. Thart ar mhí ó shin.”

“Thart ar mhí ó shin!” Ar síse ag gaire. “Conas a cheapfá gur féidir liom cuimhniú ar eolas chomh sean sin?”

“Chreidfinn gur féidir le bean gnó chomh rathúil leatsa féin eolas tábhachtach cosúil leis seo a chuimhniú”. Chas Stephen timpeall agus thóg sé gloinne chuig an ndoirteal. D’ísligh sé a ghuth. “D’fhéadfaí nár chuala tú, áfach...”

Lig Jane cnead aisti. “Ó nach dána an mhaise duit!”

Chas Stephen i leith Jane agus rinne sé teagmháil súl léi. “No, a Jane; tá an ceart agam. Ní raibh tú in ann cuimhniú go ndúirt mé leat aréir gur mhian liom slán a fhágáil leis an madra. No, actually – ní raibh tú in ann cuimhniú gur bhain tú úsáid as an mbraon deiridh den focain bainne!”

Rinne Jane gáire bhog ach níor dúirt sí faic.

“Lean ort, abair liom go bhfuil an mícheart agam.” Stop Stephen ar feadh soicind, ag smaoineamh ar shampla. Ansin, d’ardaigh sé a chloigeann agus bhreathnaigh sé ar Jane. “Siobhán. Ó rannóg na cuntasáochta. Cad é a hordú caife?”

“Macchiato mór, bainne soy, ‘s trí shúicre”, ar Jane go láithreach.

Níor bhris Stephen an teagmháil súl le Jane agus é ag ól ón ngloinne.

“Níl sí in ann glacadh le gnáthbhainne – dar ndóigh cuimhním air, tá an t-ordú as an ngnách.”

“Sea”, ar Stephen gan mórán measa ná suime. D’fhéach sé ar chás Jane. “Cén fáth go bhfuil tú féin i mbun ullmhúcháin? Cheapas nach mbeidh an chomhdháil ar siúl ach go dtí amárach?”

D’éirigh Jane teann agus thosaigh sí ag obair go dian ar a cás, cé go raibh a maoin uilig socraithe ann. “Bei... ní... Agh... Beidh, amárach – an ceart agat. Ach... ach, táim ag teacht go luath toisc go... mar... toisc gur fuath liom a bheith ag taisteal chuig comhdhálacha ar lá na gcomhdhálacha iad féin”. Bhreathnaigh Jane ar Stephen arís. “Tá aithne agat orm – ní gá dom a mhíniú go dtagann mearbhall orm ansin agus ní fiú é an brú sin agus ardú céime ag teacht chugam go luath.”

Chaolaigh Stephen a shúile. “Nach ndeachaigh tú chuig an gcomhdháil sin agus abhaile arís in aon lá amháin an tseachtain seo caite?”

“Chú... chuaigh. Agus bhí sé uafásach ar fad. Bhíos scriosta.” Dhún Jane an cás agus chaith sí an iomarca ama ag útamáil leis an zip. “Ar aon chaoi, tá an chomhdháil seo i bhfad níos tábhachtaí, is gá dom a bheith luath. Ní féidir liom glacadh le haon bhaol an uair seo. An gcreidfeá an raic? Bás gairmiúil a bhéas ann, gan dabht.”

D’imigh an teannas as súile Stephen. “Okay so.” Shúil sé trasna an tseomra agus tharraing sé a luchtaire ón mballa.

Sheas Jane agus phioc sí suas a cás. Rug sí greim ar canna sprae grúaige ar an mbord agus chuir sí ina mála láimhe é. Shínigh sí hanla an cháis agus bhog sí go mall i dtreo an dorais. Stop sí ag an ndoras agus bhreathnaigh sí ar Stephen, an chuma uirthi go raibh sí ag fanacht le rud éigin uaidh. Cibé rud a bhí uaithe, ní bhfuair sí é.

“So, táim chun imeacht anois. Beidh mé ar ais ar an Domhnach”, a ghlaigh sí amach.

Níor chas Stephen a chloigeann ón luchtaire, a bhí á lúbadh aige timpeall a láimhe. “Bain taitneamh as – ná déan dearmad ar na horduithe caife, ní bheimis ag iarraidh go dtiocfaidh tinneas ar Shiobhán bhocht.”

Sheas Jane ar leac an dorais, ag dul i bhfeirge. “Gabh suas ort féin, a Ste.” Ar sise, agus d’imigh sí. Phlab sí an doras ina diaidh.

Bhreathnaigh Stephen ar an doras ar feadh tamaillín. Chuaigh a ghuthán i mbun clingireachta. Tharraing sé siar as a mhachnamh agus d’fhreagair sé an glaoch.

“Haigh a chroí.” Ar seisean, a ghuth i bhfad ní ba bhoige anois. “Yeah, táim díreach chun tús a chur ar an mbealach anois; seans go mbeinn in ann bualadh leat san óstán roimhe. Bheimis in ann...” Stop sé, agus d’ísligh sé a ghuth. “... am a chaitheamh le chéile – má thuigeann tú mé.” Rinne sé gáire. “An é sin fíor? Cosúil le céard?” Leathnaigh a shúile agus tháinig miongháire air.

“Is dócha go mbeadh orm brostú mar sin, nach mbeadh?”

An t-oileán úr

Brian Ó Hanracháin

Mo shúile oscailte de gheit. Ise in aice liomsa, osna isteach, osna amach, í ina codladh go sámh mo chéadshearc, mo shearc amháin. M'aighe ghéar ag preabarnaigh, mise ag déanamh mo dhíchill chun í a chur faoi smacht. Osna isteach: “Suaimh”. Osna amach: “neas”. Osna isteach: “Suaimh”. Osna amach: “neas”, arís agus arís agus arís. Osna isteach: “Suaimh”. Osna amach: “neas”. Ach do theip ormsa mise ag casadh, ag lúbadh, ag smaoineamh. Cad a dhéanaim, idir dhá thine na Bealtaine, imigh nó fan, fan nó imigh!

Osna isteach “a haon, dó, trí, ceathair líne trasna. Osna amach “a haon, dó, trí, ceathair líne síos, arís agus arís agus arís. Foc m'intinn ag rith.

Mo shúile oscailte go forleathan agus chonaic mé í, an spéirbhean ós mo chomhair. A gnúis ghlan, le leicne plucacha chomh dearg le fuil, a fiacla chomh bán le sneachta agus a súile chomh gorm le spéir gan smál. An dúil ag éirí ionamsa. Mo chéadshearc in aice liomsa ina codladh go sámh, mo shearc amháin, osna isteach, osna amach.

As an leaba liomsa agus an “complete aisling” ag feithimh liomsa ag glaoch ormsa, mise faoi gheasa, í ag síneadh amach a lámh romhamsa. Ise ag princeam cosúil leamhain. Bhíog mo chroí orm le cíocras.

“Tóg mo lámh, tóg mo lámh” a dúirt mo spéirbhean. Do shin mé mo ghéag amach, an tsaint ag árdú umamsa agus cuireadh rud i mo bhos. Do chaitheas sracfhéachaint uirthi, a fiacla lofa, a gnúis ghonta, a súile chomh marbh le hArt. An cac ag titim uirthi. “Cabhair domsa” a dúirt sí agus í faoi chian agus an brón gan foirceann uirthi. “Rinneadh bean uaimse agus táim scriosta, cabhair domsa.”

Mo shúile oscailte go daingean agus mise ar an úrlár i m'aonar agus nota ó mo mhealltóir i mo sheilbh. Do leigh mé é.

Trócaire	Lámh in uachtar	Meán Fómhair	Áiféala	Gnéas	
Aoir	Raic	Earcail	Aineolach	Mná	
Rí na Rí	Gadhar				
Uachtarán	Teorann	(K) cnámh spáirne	Éirí amach	Easpa eolais	Ansmacht
Macnamh	Smacht	Easaontas	Réabhlóid	Amú	Iníon
Poncánach				Ionadh	Tíoránach
Náire					
				Cnap	
				Arís agus arís agus arís	

Mo shúile oscailte de gheit, mise spíonta amach is amach leis an traochta. Ise in aice liomsa mo chéadshearc osna isteach osna amach le breacadh an lae agus an spéirbean imithe, scriosta, “díolta acu mar a bheadh banbh muice” dada i ndán di ach bás.

Mí na Samhna i mBeirlín

Megan Auley

1943

Aerárthaí na gComhghuaillithe ar foluain,
Ainbheitígh an aerionsaithe in ann
Buamaí an anbháis a bhronnadh,
Ar fhoscadán buamala na mbruachbhailte.

1961

Cathair atá briste suas go binbeach,
Brathadóirí ag bleachtairacht
Laistiar de línte an namhad,
Braitear na cosulachtaí eatarthu.

1989

Cláí cáiliúil na cathrach scriosta,
Cead cainte, cead do chinn,
Saoirse smaointeoireachta mar bhuille scoir,
Seachas na Cumannaithe san Aontas Sóivéadach.

2017

Atmaisféar na Nollag in Alexanderplatz,
Stanníní margaidh de mheascán mearraí,
Sábháilteacht, ach le speabhraídí,
In eagla ionsaithe sceimlithoiteachta eile.

An bhfuil tú níos eolaí ná uachtarán Stáit Aontaithe Mheiriceá ar chúrsaí timpeallachta?

Katie Ní Fhaoláin

Chuir Donald Trump iontas orainn arís eile agus é ag plé an athraithe aeráide le déanaí in agallamh le Piers Morgan. Dar leis, is ionann an t-athrú aeráide agus an téamh domhanda. Mar is eol do chách, níl sé sin fíor ar chor ar bith ach caithfimid an cheist seo a chur orainn féin – an bhfuil i bhfad níos mó ar eolas againn faoin athrú aeráide? Agus an dtuigimid an tionchar atá aige ar ár saol?

Baineann an téamh domhanda le teocht an domhain amháin agus é ag ardú, ach baineann an t-athrú aeráide le fo-iarmhairtí an téimh domhanda. Níl ann ach léiriú ar an bhfadhb maidir leis an téamh domhanda – fadhb a bhfuil daoine agus an dúlra freagrach as. Ach, tá an locht ar dhaoine maidir leis an téamh atá againn faoi láthair – tá ár spleáchas ar bhreosla iontaise freagrach as an damáiste a rinneadh. Gineann na breoslaí iontaise gás, agus ceapann an gás seo teas. Cuireann an teas seo go mór leis an téamh domhanda: tá an tArtach ag éirí níos teo, agus imríonn an teas seo tionchar ar ár n-aimsir gheimhridh. Tá an t-athrú aeráide ag cur an domhain i mbaol mar thoradh. Fuaireamar blaiseadh den bhaol seo le déanaí, nuair a shéid Stoirm Emma trasna na hÉireann. Rugadh Stoirm Emma san Artach i mí Eanáir, agus shroich sí Éire i mí Márta mar sin. Bíonn ár dtír ina lánstad mar gheall ar dhrochstoirmeacha ar nós Stoirm Emma agus Spéirling Ophelia – déanann siad cuid mhór damáiste agus bíonn ar ár rialtas a bheith réigh don stoirm áirithe atá ag tórmach agus déileáil leis an damáiste. Cuireann na drochstoirmeacha seo isteach go mór ar ár saolta, ach nuair a imíonn siad agus nuair a fhilleann an saol ar a fhearsaid arís, déanann daoine dearmad ar fhadhb an athraithe aeráide.

Dar le John Sweeney, ollamh le tíreolaíocht in Ollscoil Mhá Nuad, tá fo-iarmhairtí an athraithe aeráide follasach in Éirinn láithreach bonn, áfach - an téamh domhanda san áireamh. Dúirt sé go bhfuil gach áit sa tír leathchéim níos teo anois agus a bhí sé tríocha bliain ó shin, agus é ag tabhairt óráide os comhair an Oireachtais. Cruthaíonn an téamh seo a lán fadhbanna eile rialta dúinn, ar nós méadú ar rátaí na báistí, tuilte agus bithéagsúlacht laghdaithe san áireamh.

Cé go dtuigimid cé chomh tromchúiseach agus atá an fhadhb, léiríonn suirbhé a rinne timpeallacht-eolaí Ben Christensen in ollscoil i gCalifornia nach bhfuil mic léinn ag déanamh iarrachta déileáil leis. Dúirt 42.7% de mhic léinn nach ndéanann a gcomhpháirtithe aon iarracht an t-athrú aeráide a stopadh. Tá roinnt rudaí le déanamh mar mhac léinn chun dul i ngleic leis an athrú aeráide, mar shampla, taisteal ar an gcóras iompar poiblí, ár n-astúcháin dhíobhálacha a

laghdú agus páirt a ghlacadh i dtionscnaimh ar nós tionscnamh an Champais Glais anseo in Ollscoil Mhá Nuad.

Tuigeann formhór na mac léinn agus na ndaoine in Éirinn gur fadhb mhór é an t-athrú aeráide agus tá orainn ról níos láidre a ghlacadh stop a chur leis agus an pobal a chur ar an eolas faoin timpeallacht mar sin. Caithfimid a bheith gníomhach chun stop a chur leis an athrú aeráide, go háirithe nuair atá polaiteoirí a bhfuil cumhacht acu ar nós Donald Trump ag déanamh faic faoi.

Cuntas ar chuid de na heagarthóirí/scribhneoirí



Tá Eimear Ní Chairbre aon bhliain is fiche d'aois agus is as baile Longfoirt í – an áit is fearr in Éirinn, dar léi ar aon nós. Tá Eimear sa tríú bliain agus tá sí ag déanamh staidéir ar an Nua-Ghaeilge agus ar an mBéarla. Tá an-suim aici i gcúrsaí drámaíochta agus déanann sí iarracht aisteoireacht agus stiúirthoireacht a dhéanamh ó am go ham. Nuair nach bhfuil sí ag titim ar fud na háite ar an stáitse, taitníonn scríbhneoireacht chruthaitheach léi, ar ndóigh. Chomh maith leis sin, is maith léi a bheith ag éisteacht le ceol agus ag déanamh imeartais uafásacha focal.



Tá Grace Ní Chinnéide aon bhliain is fiche d'aois. Is mac léinn na tríú bliana í in Ollscoil Mhá Nuad agus tá sí ag déanamh staidéir ar an Nua-Ghaeilge agus an Stair. Is Tiobraideach í agus mar sin tá suim an-mhór aici i gcúrsaí iománaíochta. Caitheann sí a cuid ama ag léamh agus ag ól tae, is í príomhaidhm an tsaoil atá aici ná an cupán tae is fearr a ullmhú. Is aoibhinn léi scannáin, freisin, agus bíonn sí i gcónaí le fáil sa phictiúrlann ag féachaint orthu nuair nach bhfuil sí ag obair sa phictiúrlann! Tá grá láidir aici don Ghaeilge agus a cultúr dúchais agus tá sí an-bhródúil as a cuid teanga. An rud is cabhraí a bhaineann leis an teanga dár léi ná na deiseanna a chruthaíonn an teanga thar lear; tá tú in ann do cuid smaointí a léiriú i ngan fhios do dhaoine eile atá in aice leat ar an trá agus iad ag cur isteach ort! Bhí an-spraoi aici mar bhall den Chiorcal agus ba dheis iontach í chun an Gaeilge a scaipeadh.



Is as Leitir Ceanainn i gCo. Dhún na nGall í Miriam Nic Shíomóin agus tá aon bhliain is fiche slánaithe aici. Is mac léinn na tríú bliana í agus déanann sí staidéar ar an Nua-Ghaeilge agus ar na Meáin Chumarsáide. Is aoibhinn léi an pheil ghaelach agus an iománaíocht agus is in RTÉ a chaitheann sí a cuid ama ag obair ar chlár spóirt nuair nach bhfuil sí ag iarraidh daoine a ghríosú chun na teanga. Is í an chuimhne is fearr atá aici ar an gCiorcal ná an uair a d'inis sí a scéal faoi bheith ag caint le Gerry Adams ar an nguthán. Is dócha nár chuala Liam Mac Amhlaigh aithris chomh cruinn sin riamh anall!



Tá Mairéad Ní Neachtain bliain is fiche d'aois agus is as Conamara di. Tá an-ghrá aici don Ghaeilge agus do chultúr na Gaeilge. Is mac léinn tríú bliana í agus tá sí ag déanamh staidéir ar an Nua-Ghaeilge agus an tSean-Ghaeilge. Is ag tabhairt tacaíocht d'fhoghlaimoirí Gaeilge a chaitheann sí a cuid saoire agus í ag obair ar chúrsaí Gaeltachta ó bhí sí seacht mbliana déag d'aois. Dár léi nach bhfuil aon rud níos deise ná bualadh le daoine a bhfuil an oiread sin suime acu ina dteanga dhúchais. Is é an rud is fearr faoi 'An Ciorcal' dár léi, ná go bhfuair sí deis a bheith ag obair le daoine chomh díograiseach, cairdiúil agus gur scríbhneoirí fíor-chumasach go deo iad. Is léir go bhfuil tallann iontach acu uile, ach deir sí nach bhféadfaí aithris ar Gerry Adams a bhualadh! Is iomaí uair a chuireann an lá sin gáire uirthi – nach i halla A a bhí an chraic!



Tá Katie Ní Fhaoláin fiche bliain d'aois agus is as Cill Daingin, Contae Chill Dara í. Is mac léinn sa bhliain dheireanach í, atá ag déanamh staidéir ar an Nua-Ghaeilge agus an Tíreolaíocht (ach ná fiafraí di an mbeidh sí ag dul leis an múinteoireacht tar éis na céime!). Is bean mhór cainte í agus is breá léi a bheith ag bualadh lena cairde agus comhscoláirí. Baineann sí taitneamh as a bheith ag péinteáil, ag déanamh aclaíochta agus an Ghaeilge a chur chun cinn (ar ndóigh), go háirithe i measc daoine óga.



Tá Róisín Starr aon bhliain is fiche d'aois. Is as Aonach Urmhumhan i gContae Thiobraid Árann í. Tá sí ag déanamh staidéir ar an Nua-Ghaeilge agus an Stair in Ollscoil Mhá Nuad. Taitníonn gach saghas litríochta léi agus tá an-suim aici sa cheol chomh maith.



Tá Aisling Ní Mhéanaigh fiche bliain d’aois agus tá sí ina cónaí i gCeann Eitigh, Contae Uíbh Fháilí. I mbliana tá sí ar Erasmus – bliain a chaitheann mic léinn ag déanamh staidéir in Ollscoileanna thar lear. Mar sin, is scoláire in Ollscoil Alicante, Spáinn í (gan focal Spáinnise ar bith!) Beidh sí ina bliain dheireanach i Má Nuad an bhliain seo chugainn, ag déanamh staidéir ar an Nua-Ghaeilge agus ar na Meáin Chumarsáide. Is breá léi a bheith ag taisteal, ag bualadh le daoine nua ó áiteanna agus cultúir dhifriúla agus an Ghaeilge a spreagadh ina post mar cúintóir sa Ghaeltacht. Tá súil aici go mbaineann sibh taitneamh as a saothar!



Tá Jennifer Gorissen ceithre is fiche bliain d’aois. Bhain Jennifer céim amach sa Nua-Ghaeilge agus sa Fhraincis i gColáiste na Tríonóide agus rinne sí Diplóma Iarchéime san Aistriúchán le Coláiste na hÉireann/Gaelchultúr. Anois tá sí ag tabhairt faoi Mháistreacht sa Nua-Ghaeilge anseo i Má Nuad. Tá suim aici san aistriúchán agus sa litríocht agus is é atá mar ábhar taighde di don tráchtas ar na clasaicigh.



Tá Hannah Ní Chathasaigh sa tríú bliain ag déanamh staidéir ar an tSíceolaíocht. Scríobh sí an dán sa chnuasach seo sa séú bliain agus bhuaigh sí an chéad dúis i gcomórtas Sheachtain na Gaeilge 2015.



Rugadh agus tógadh Megan McAuley i Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall. D’fhreastail sí ar Mheánscoil Loreto. Bronnadh gradam Deirdre Clancy uirthi sa bhliain 2016 ós rud é go bhfuair sí an marc airde i scrúdú Stair na hArdteiste an bhliain sin. An bhliain chéanna, bronnadh Scoláireacht na hÉireann le JP McManus, mar gheall ar a cuid torthaí. Tá sí fiche bliain d’aois, agus í i mbun staidéir ar an Nua-Ghaeilge, ar an Stair agus ar an Spáinnis anseo in Ollscoil Mhá Nuad sa dara bliain. Cónaíonn sí sa Scéim Chónaithe ar champus, toisc go bhfuil suim mhór aici i labhairt na teanga. Baineann sí taitneamh as a bheith ag léamh, ag cócaireacht agus ag taisteal.

Iarfhocal

‘Síolta’

**Inniu, a dhúil, thar aon ní, níl tú ar fáil –
ná raibh éinne le duaiseacht ar maidin agat
ach mo scáil**

(Michael Davitt, ‘An Dúil’, *An Tost a Scagadh* (1993), 39).

Muna mbíonn teacht ar scríbhneoirí, ní bheidh teacht ar léitheoirí. Is álainn an cnuasach é seo a léiríonn gnéithe áirithe de théama roghnaithe na n-eagarthóirí, ‘Dúil’. Cuireann an foilseachán seo misneach orm ar an dóigh chéanna agus a thuilleann an grúpa féin ardmheas as suim a mbuanna a thabhairt i gcomhpháirt le chéile.

Bhailigh ‘An Ciorcal’ seo an chéad lá riamh lena gcuid spéise sa scríbhneoireacht, sa léitheoireacht agus sa léirmheastóireacht a roinnt le chéile. Thugadar faoin modúl i nualitríocht na Gaeilge liom féin agus leis an Dr Aisling Ní Dhonnchadha mar chuid den dara bliain dá gcúrsa sa Nua-Ghaeilge sa bhliain 2016/17. I dtosach báire, ní raibh níos mó ná plé na litríochta agus na scríbhneoireachta ar bhonn neamhfhoirmiúil mar chuspóir againn; an deis a thapú na gnóthaí seo a normálú trí Ghaeilge i saol na rannpháirtithe lasmuigh den seomra teagaisc.

Sa saol ina mairimid agus luas na n-imeachtaí chomh gasta, is mór an t-iontas é gur éirigh leis an ngrúpa seo castáil ar a chéile minic go leor san aimsir sin le haithne a chur ar a chéile, a gcuid smaointe/tuairimí a roinnt agus bonn a chur le fiontar mar seo. Beireann siad go léir faobhar áirithe chuig an saothar le cumas, suim agus peirspictíocht atá ag fás go leanúnach. Ina dhiaidh sin arís, ba mhór an chomaoin a chuir scríbhneoirí aitheanta áirithe i saol na Gaeilge orthu lena gcuid saineolais, agus Orla Bradshaw, Oifigeach na Gaeilge, a bhí chomh tacúil sin sa chúlra mórán uaireanta agus an grúpa seo ag teacht in inmhe.

Léiríonn an bhisiúlacht seo an intleacht agus an éagsúlacht stíle atá ag mic léinn atá ag freastal ar chlár ollscoile de chuid na Roinne Nua-Ghaeilge is mó sa tír. Ba mhaith liom aitheantas faoi leith a thabhairt d’fhoireann na Roinne sin, agus foireann Scoil an Léinn Cheiltigh trí chéile, in Ollscoil Mhá Nuad, a roinneann a gcuid ama go fial le scoláirí. Tá ár mbuíochas tuillte acu. Bíonn nádúr na hoiliúna sin le moladh tríd is tríd. Baineann ‘traidisiún’ fada le gnóthaí den chineál seo san Ollscoil,

agus tá á chur leis an traidisiún sin i gcónaí. Leathanach eile i dtaifead an traidisiúin atá san fhoilseachán seo.

As na síolta seo fásfaidh an mianach tuilleadh, agus níl amhras orm ach go bhfuil scríbhneoireacht, sna seánraí éagsúla, faoi bhláth in Maigh Nuad, agus go bhfuil, in ‘An Ciorcal’, grúpa ceannródaithe a ghlac an dúshlán orthu féin scríbhneoirí a mhealladh agus a éascú.

Gura fada buan ‘An Ciorcal Mhá Nuad’!

An Dr Liam Mac Amhlaigh,

Ollscoil Mhá Nuad

Aibreán 2018